

**Comhairliúchán poiblí ar an Dréacht-Straitéis
do Leabharlanna Poiblí 2013-2017**

2 Méan Fómhair - 11 Deireadh Fómhair, 2013

**An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Bóthar an Bhaile Nua
Loch Garman
Contae Loch Garman**

1.1 Réamhrá agus Cúlra

Seirbhís phoiblí rialtais áitiúil is ea seirbhís leabharlainne poiblí na hÉireann, a dhéanann údaráis áitiúla a sholáthar. Cuireann leabharlann réimse fairsing seirbhísí ar fáil trí líonra de bhraintí leabharlann poiblí, leabharlann soghluaiste, ar líne trí láithreáin ghréasáin seirbhís áitiúil leabharlainne agus trí láithreáin ghréasáin náisiúnta tairsí agus acmhainní.

Déanann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoirsiú ar an tseirbhís leabharlainne poiblí, le tacaíocht chomhairleach ó Fhorbairt Leabharlann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Is ionann a leanas próifíl reatha na seirbhíse reatha leabharlainne poiblí, de réir na staitisticí is déanaí¹:

- Cuireann leabharlanna poiblí réimse fairsing seirbhísí ar fáil, idir sheirbhísí fisiciúla agus fíorúla, lena n-áirítear ábhar cló agus iasachta digití, comhairle ar fhorbairt léitheora, rochtain ar an idirlíon agus tacaíocht idirlín, acmhainní faisnéise agus tagartha agus treoir, gníomhaíochtaí foghlama agus ríomhfhoghlama, tacaíocht litearthachta, cur chun cinn cultúrtha agus forbairt pobail.
- Tugtar 16.3 milliún cuairt ar leabharlanna poiblí gach bliain.
- Tógtar 19.3 milliún leabhar, closleabhar, CD agus DVD ar iasacht ó leabharlanna poiblí gach bliain.
- Is ionann 41% de na leabhair a thógann daoine fásta ar iasacht agus leabhar neamhfhicsin.
- Cuirtear 1.9 milliún seisiún idirlín ar fáil ar 2,100 ríomhaire ag a bhfuil rochtain ar an idirlíon agus trí Wifi saor in aisce.
- Tá 344 leabharlann bhraintí agus 32 leabharlann soghluaiste ann.
- Chaith Údaráis Áitiúla €131.6 milliún ar sheirbhísí leabharlainne in 2011.
- Chaith Údaráis Áitiúla €9 milliún ar stoc in 2011, arb ionann seo agus €1.97 ar an meán in aghaidh an duine.
- Tá leabharlanna poiblí á reáchtáil in Éirinn ag 32 údarás leabharlainne ar leith.

Tionscnamh de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil is ea an dréachtstraitéis do leabharlanna poiblí. Leagtar amach sa straitéis plan le haghaidh borradh agus forbairt chórasach leabharlann poiblí in Éirinn don tréimhse ó 2013 go dtí 2017 i gcomhthéacs riachtanais athraitheacha daoine, beartas Rialtais agus na timpeallachta reatha agus tuartha geilleagraí, sóisialta agus cultúrtha.

¹ An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. *Public Library Authority Statistics Actuals 2011* (Dáta measta foilsithe: 2013)

1.2 Comhairliúchán Poiblí

Cuspóir an chomhairliúcháin seo

Forbraíodh an dréachtstraitéis do leabharlanna poiblí agus tuairimí páirtithe leasmhara á gcur san áireamh. Cuireadh san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin lucht náisiúnta agus áitiúil déanta beartas, plé le réimse leathan grúpaí fócais, lucht bainistíochta agus foireann leabharlann poiblí, ranna rialtais, comhlachtaí poiblí agus údaráis idirnáisiúnta leabharlainne ar spéis leo.

Tá an comhairliúchán poiblí seo ar an gcéim dheireanach sa teagmháil le páirtithe leasmhara ar fhorbairt na straitéise do leabharlanna poiblí. Is é cuspóir na céime seo chun an comhairliúchán a oscailt go fairsing, agus ionchur a chinntiú ón réimse is fairsinge páirtithe leasmhara agus is féidir.

Comhairliúchán ar dhréacht-téacs na straitéise do leabharlanna poiblí

Tugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara chun téacs na dréachtstraitéise do leabharlanna poiblí a léamh agus chun a dtuairimí a chur in iúl don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil trí Forbairt Leabharlann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, roimh an **11 Meán Fómhair 2013** agus iarrtar ar fhreagróirí chun leas a bhaint as an teimpléad leictreonach a chuirtear ar fáil.

Ba cheart teimpléid chomhlánaithe a sheoladh ar ais sa phost nó ar ríomhphost roimh an **11 Meán Fómhair 2013** chuig:

Forbairt Leabharlann,
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil,
Teach an Rialtais Áitiúil,
35-39 Cé Uiséir,
Baile Átha Cliath 8.
Ríomhphost: librariesdevelopment@lgma.ie

Céard a tharlaíonn nuair a sheolann tú do chuid tuairimí ar aghaidh?

Nuair a bhíonn do thuairimí seolta ar aghaidh agat, tabharfar aitheantas duit ar ríomhphoist nó sa phost go bhfuairéamar do thuairimí. Nuair a bhíonn an tréimhse chomhairliúcháin críochnaithe, déanfar breithniú ar gach tuairim agus rachfar i ngleic leo i bhfianaise na straitéise.

Tabhair faoi deara go bhféadfadh go mbeadh gach aighneacht agus tuairim a chuirtear faoi bhráid Fhorbairt Leabharlann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, chun na críche seo, faoi réir eisiúna faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997-2003.

I ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin, réiteofar straitéis leasaithe lena foilsíú i bhfómhair 2013.

1.3 Cén fáth a dteastaíonn Straitéis nua do Leabharlanna Poiblí

Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil athbhreithniú leanúnach ar sheirbhís leabharlainne na hÉireann óna fréamhacha in Acht Leabharlanna Poiblí na hÉireann, 1855, ar leibhéal náisiúnta, mar chuid dá bhfeidhm chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm reachtaíocht leantach leabharlainne poiblí.

I 1998, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil *Branching Out: A New Public Library Service*, chéad phlean straitéiseach na seirbhíse leabharlainne poiblí ar leibhéal náisiúnta. Bhí *Branching Out: A New Public Library Service* ar siúl ó 1998 go dtí 2007 agus lean *Branching Out - Future Directions* é ó 2008-2012. Rinne na straitéisí Branching Out agus na cláir chistithe chaipitiúil foirgnimh fheabhsaithe, uaireanta níos faide oscailte, TFC, stoc, soláthar foirne agus oiliúint foirne a sholáthar. Sholáthair siad an mheicníocht do chomhoibriú páirtithe leasmhara chun fíis ar a ndéantar comhaontú aonfhoirmiúil a fhíorú le haghaidh leabharlanna poiblí agus d'fhorbairt agus d'fheabhsú pleanáilte agus comhordaithe na seirbhíse.

Bhunaigh na straitéisí *Branching Out* fóram do gach páirtí leasmhar inar féidir leo comhoibriú chun fíis dhearfach agus chuimsitheach a chruthú do leabharlanna poiblí agus d'eascair beartas náisiúnta ar a ndearnadh go leor machnaimh agus faoina bhfuil bonn daingean as seo a rinne seirbhísí, foirgnimh agus acmhainní a bhunathrú. Mar gheall go ndearnadh dul chun cinn suntasach sa dá straitéis roimhe seo, is tábhachtach cur le dul chun cinn na dtorthaí a baineadh amach cheana féin.

Cuirtear tús le tréimhse cúig bliana na straitéise beartaithe i dtimpeallacht an-difriúil gheilleagrach agus i sochaí ar a bhfuil athrú mear ag teacht agus ina bhfuil ardleibhéal dífhostaíochta, ollbhorradh ag teacht ar an ráta breithe agus ina bhfuil daonra daoine os cionn 65 bliain ar a bhfuil fás suntasach ag teacht. Rinne athruithe teicneolaíochta le deich mbliana anuas an saol a réabhlóidiú le haghaidh thromlach na ndaoine. Beidh tionchar fadtéarmach ag an dreach athraitheach atá ag teacht ar an rialtas áitiúil in Éirinn faoin bplean gníomhaíochta le haghaidh rialtas éifeachtach áitiúil, *Tús Áite do Dhaoine*², ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

² An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. *Tús Áite do Dhaoine: Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Éifeachtach Áitiúil*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath, 2012.

Is gá don tseirbhís leabharlainne poiblí seirbhís éifeachtach, bheoga agus ábhartha a sholáthar do dhaoine agus do phobail sa timpeallacht athraithe seo agus sa timpeallacht chéanna atá ag teacht chun cinn i gcónaí. Cuireann straitéis nua an chreatlach ar fáil chun seo a bhaint amach agus chun an leabharlann poiblí a shuíomh go mbainfear an buntáiste is fearr aisti amach anseo, ar mhaithe leis an bpobal.